Coláiste Cois Life

Gleann an Ghrífín, Leamhcán

Polasaí Obair Bhaile

SCHOOL NAME: Coláiste Cois Life	Roll Number: 76065H
SCHOOL ADDRESS 1: Castle Road	Phone Number: 01- 6211825
SCHOOL ADDRESS 2: Lucan	Email: eolas@colaistecoislife.ie
SCHOOL ADDRESS 3: Co.Dublin	Website: colaistecoislife.ie
EIRCODE: K78 Y330	

Ráiteas Misin

Is Gaelcholáiste ilchreidimheach é Coláiste Cois Life ina spreagtar barrfeabhais san oideachas i dtimpeallacht foghlama dearfach. Tá an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann mar chroílár an Choláiste. Cothaítear forbairt iomlánaíoch na scoláirí don saol amach rompu trí bhéim a chur ar chúram, pobal, meas agus comhionannas.

Réasúnaíocht

Is cuid lárnach de phróiseas an teagaisc agus na foghlama í an obair bhaile. Is obair bhaile ann ná aon ghníomhaíocht foghlama a thugann an múinteoir don scoláire le cur i gcrích lasmuigh den seomra ranga. Cuireann an doiciméid "Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022" béim ar na gnéithe seo a leanas agus tá nasc sóiléir acu leis an obair bhaile:

- Foghlaim Neamhspleách: Tascanna tugtha ag tógáil ar scileanna foghlama neamhspleáiche.
- Measúnú: Tascanna atá dírithe ar mheasúnú chun foghlama.
- Nasc leis an gcuraclam: Tascanna a dhíríonn ar intinní foghlama an lae.

Anuas ar sin, is mar chuid de ráiteas misin na scoile go gcuirfear barrfeabhais san oideachas ar fáil agus go mbeidh scoláire forbaithe don saol amach rompu. Leagann an polasaí seo amach na freagrachtaí ar leith a bhaineann le hobair bhaile a chothaíonn an méid luaite thuas.

Treorlínte Ama

Bliain	I rith na seachtaine	Deireadh Seachtaine
1	1	1 – 1:30
2	1.5 – 2	2 – 2:30
3	2.5 – 3	3
4	1 (+ tionscnamh agus taighde)	1 (+ tionscnamh agus taighde)
5	3 – 3.5	4
6	3.5 - 4	4.5 - 5

Is moladh an méid thuas luaite agus ba chóir an méid seo a leanas a thógáil san áireamh nuair atá obair bhaile á thabhairt ag na múinteoirí ábhair:

- Is éifeachtaí atá tascanna gearra, foscaithe – tá minicíocht oibre níos tábhachtaí ná am caite ar tascanna.
- Níl aon fhianaise go bhfuil gaol idir níos mó ama caite ar obair bhaile agus torthaí níos airde – dírigh ar thascanna a threisíonn torthaí foghlama.
- Caithfear cothromaíocht a fháil idir ualach oibre agus folláine – d'fhéadfadh níos mó ná 2 uair an chloig oibre in aghaidh an lae dochar a dhéanamh d'fholláine scoláire. Bí cinnte go bhfuil tascanna fiúntacha i gceist.
- Moltar athrá ar ábhair déanta cheana atá scaipthe amach thar an mbliain – is gá athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama curtha i gcrích a phleanáil agus a bheith scaipthe amach.

Freagrachtaí an Mhúinteora

- Obair bhaile atá fiúntach, soiléir agus cuí a phleanáil.
- Obair bhaile a bheith scríofa go soiléir ar an gclár bán agus / nó ar Teams / OneNote.
- Am ag deireadh an cheachta a thabhairt leis an obair bhaile a scríobh agus aon cheist a fhreagairt.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an méid obair bhaile atá á thabhairt agus ag cinntiú nach bhfuil an t-ualach oibre iomarcach.
- Aiseolas a thabhairt ar obair bhaile.

- Moladh a thabhairt nuair atá iarracht shuntasach á dhéanamh ag scoláire.
- Monatóireacht ar chaighdeán oibre an scoláire agus Intleacht Shaorga á cur san áireamh.

Freagrachtaí an Scoláire

- Obair bhaile a thaifead sa dialann.
- Obair bhaile a dhéanamh go dícheallach agus néata.
- Aon trealamh atá ag teastáil maidir leis an obair bhaile a bheith leo ag fágáil na scoile.
- Má bhíonn deachracht le hobair bhaile déan cumarsáid leis an múinteoir.
- Gan obair aon duine / foinse eile a tháirgeadh mar obair an scoláire.
- Treoirlínte ón Roinn Oideachais maidir le húsáid chuí na hIntleachta Shaorga a leanúint.

Freagrachtaí an Tuismitheora

- Eolach faoin bpolasaí obair bhaile a bhaineann leis an scoláire.
- Timpeallacht oiriúnach a chur ar fáil don scoláire chun obair bhaile nó stáidéar a dhéanamh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaighdeán oibre atá á tháirgeadh ag an scoláire agus cabhair a chur ar fáil más gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar VSware maidir le haon eolas a bhaineann le hobair bhaile.
- Tacaíocht a thabhairt don scoil maidir le cinntí a dhéantar le tacú leis an scoláire obair a chur i gcrích.
- Teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá aon fhadhb leanúnach le hobair bhaile an scoláire.

Freagrachtaí na Bainistíochta

- Dea-chleachtais a spreagadh i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ábhair / ranga an polasaí a chur i bhfeidhm.
- Stáidéar stiúrtha agus club obair bhaile a chur ar fáil do scoláirí.
- Monatóireacht agus idirghabháil a dhéanamh nuair a bhíonn fadhb leanúnach ag scoláire le obair bhaile.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí i bhfeidhm.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí agus é a athrú maidir le riachtanais scoile.

Spreagthaí

- Moladh ó bhéal.
- Nótaí dearfacha ar VsWare.
- Cartaí Aitheantais.
- Taispeántas a dhéanamh ar shárobair nuair is cuí.
- Scoláire an téarma.

Obair Bhaile neamhchríochnaithe - Impleachtaí

- Comhrá leis an múinteoir ábhair.
- Droch-nóta ar VSWare.
- Glaoch ar chur ar an tuismitheoir.
- I gcásanna eiscíochtúla curfar an ceann bliana ar an eolas.

Gníomhaíochtaí Seach-Curcalaim: Is traidisiún láidir iad gníomhaíochtaí seach-curcalaim i gColáiste Cois Life. Is gá do scoláirí cothromaíocht a bhaint amach idir obair scoile agus gníomhaíochtaí seach-curacalaim. Mar sin, má tá scoláire as láthair ón rang ar ghníomhaíocht scoile, ba chóir dóibh:

- Obair bhaile a fháil ón múinteoir ábhair agus an sproicdáta a bhaineann leis.

Moltar don mhúinteoir ábhar an obair bhaile a chur ar fáil ar Teams / OneNote leis an gcóras seo a éascú.

Athbhreithniú agus Foilsiú

Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile an polasaí seo a athbhreithniú go rialta.

Cuirfear an polasaí ar fáil do thuismitheoirí agus scoláirí agus foilseofar é ar shuíomh idirlín na scoile.

Sínithe: _____

Dáta: 23 March 2026

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe: _____

Dáta: 23/03/26

Rúnaí an Bhoird & Príomhoide na Scoile

Aguisín A: Scileanna Obair Bhaile agus Staidéir do Scoláirí

Déanann an chuid seo den doiciméad cur síos ar na modhanna is éifeachtaí do scoláirí obair bhaile agus staidéar a chur i gcrích.

Aisghabháil Ghníomhach: Straitéis ina ndéanann scoláirí iarracht an t-eolas atá siad ag díriú air a thabhairt chun cuimhne gan rochtain a bheith acu ar nótaí. Seo thíos samplaí difriúla den mhodh seo in úsáid:

- **Ceisteanna Cleachtadh / Scrúdaithe:** Déan iarracht ceisteanna a dhéanamh bunaithe ar na hintinní foghlama gan nótaí. Téigh siar i ndiaidh agus ceartaigh na ceisteanna ag úsáid na nótaí.
- **Cártaí Cuimhne:** Cur cártaí le chéile bunaithe ar chaibidil / fhotheideal. Is iad seo ná cártaí le ceist / leid ar thaobh amháin agus na freagraí ar thaobh eile.

Neartaíonn na próisis seo cuimhne i bhfad níos éifeachtaí i gcomparáid le hathléamh.

Athbhreithniú Scartha: Molann an taighde is déanaí go ndéanfaí athbhreithniú ar ábhar go minic thar thréimhse ama, in ionad "cramming". Léiríonn an amlíne thíos sampla den straitéis seo i bhfeidhm:

1 Lá	1 Seachtain	1 Mí	3 Mhí
Cuidíonn seo an t-eolas a bhogadh don chuimhne fhadtéarmach.	Tosaíonn eolas ag fágáil an chuimhne – treisíonn athbhreithniú ag an bpointe seo aon rud dearmadta.	Ag neartú arís aon rud go bhfuil dearmad déanta.	De réir a chéile daingnítear an t-eolas sa chuimhne fhadtéarmach.

An príomh phointe ná na heatramh idir gach athbhreithniú a mhéadú. Cuidíonn seo le cuimhne fad téarmach agus laghdaíonn sé an méid ama staidéir san iomlán.

Dea-Nósanna Staidéar: Is minic go mbíonn scoláirí i bponc nuair a thagann sé chun staidéar éifeachtach a dhéanamh. Seo thíos nósanna simplí a mholtar a chabhraíonn le staidéar:

Timpeallacht Staidéir: Caithfear áit chuí a bheith ag scoláirí le staidéar éifeachtach a dhéanamh ba chóir go mbeidh sé:

- Ciúin.
- Néata.
- Gan aon chur isteach - ní chóir go mbeidh rochtain acu ar fhón póca nó aon rud go bhfeadfadh aird an scoláire a tharraingt.

Bainistíocht ama: Ba chóir am a leagadh amach go soiléir don staidéar, ach go háirithe ag druidim i dtreo scrúdaithe. Ná déan dearmaid:

- Is éifeachtaí atá tréimhsí gearra – ná caith an iomarca ama in aon seisiúin amháin.
- Plean briseadh gach 15-20 nóiméad.
- Ní briseadh atá i gceist le scáileán – is é an briseadh is éifeachtaí ná siúlóid nó briseadh gluaiseachta.

Spriocanna Soiléire: Bí cinnte faoi céard atá le foghlaim agat roimh thús a chur leis an staidéar. Leag síos spriocanna duit féin. Smaoinigh ar:

- Intinní foghlama bunaithe ar an ábhar atá á fhoghlaim agat.
- Cleachtaí / ceisteanna a threisíonn na hintinní foghlama.

Athbhreithniú agus Foilsiú

Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile an polasaí seo a athbhreithniú go rialta.

Cuirfear an polasaí ar fáil do thuismitheoirí agus scoláirí agus foilseofar é ar shuíomh idirlín na scoile.